# Bhíos Breoite — Agallamh.

Múinteoir: 'Rabhais breoite riamh?

Scoláire: Bhíos go minic. Bhí an bhruitíneach orm agus an triuch agus an plucamas agus bolgach na n-éan.

Múinteoir: Cad a dhéanann do mháthair nuair a bhíonn tú breoite?

Scoláire: Cuireann sí d'fhiachaibh orm fanacht sa leaba agus más doigh lei gurb aon droch-bhreoiteacht a bhíonn orm, cuireann sí fios ar a' ndochtúir.

Múinteoir: Cad a dhéanann an dochtúir nuair a thagann sé?

Scoláire: Scrúdaíonn sé mé. Ar dtúis cuireann sé teasmhéadar isteach im' bhéal chun mo theocht a thomhas. Braitheann sé frithbhualadh mo chuisleann ansan lena mhéireanna.

Múinteoir: Cad air a bhíonn sé a' féachaint lena linn sin?

Scoláire: Bíonn sé a' féachaint ar a uaireadóir chun a fháil amach an mó buille a bhuaileann an chuisle i nóimeat.

Múinteoir: Agus an mó buille?

Scoláire: Dhá cheann déag agus trí fichid.

Múinteoir: Cad eile a dhéanann an dochtúir?

Scoláire: Tógann sé amach an teasmhéadar agus féachann sé air. Bíonn fhios aige ansan an mbíonn teocht agam agus deireann sé liom é. Éisteann sé le frithbhualadh mo chroí le steiteascóp agus féachann sé siar im' scórnach.

Múinteoir: Cad a dhéanann sé nuair a bhíonn an scrúdú críochnaithe aige?

Scoláire: Scríobhann sé oideas ar bhlúire páipéir agus tugann dom mháthair é. Imíonn sé leis ansan.

Múinteoir: Agus cad a thárlaíonn ansan?

Scoláire: Tugann mo mháthair an t-oideas go siopa an photaigéara agus meascann an potaigéar deoch leighis di. Bíonn treoracha scríofa ar an mbuidéal leighis. Uaireanta is piollaí a thugann an potaigéar don othar.

Múinteoir: 'Rabhais ag an bhfiaclóir riamh?

Scoláire: Bhíos, cúpla uair.

Múinteoir: Cad é an gnó a bhí go dtí an bhfiaclóir agat?

Scoláire: Bhí fiacail liom lofa agus gheibhinn tinneas fiacaile. Dhéan mo mháthair coinne leis a' bhfiaclóir dom agus chuas chuige taréis na scoile Aoine amháin.

Múinteoir: 'Raibh aon eagla ort?

Scoláire: Bhíos a' crith le heagla nuair a thánga go doras an fhiaclóra. Chuir an rúnaí fáilte romham agus dúirt sí liom fanacht sa tseomra feithimh.

Múinteoir: Cé bhí sa tseomra feithimh?

Scoláire: Bhí beirt nó triúr ann romham agus chaitheasa fanacht lem' uain.

Múinteoir: Inis dom cad a thárla in íoclann an fhiaclóra?


Scoláire: Shuíos síos ar chathaoir agus ansan luíos siar. D'árdaigh an fiaclóir an chathaoir agus las sé solas os mo chionn agus scrúdaigh sé m'fhiacla go maith. Bhí mionscáthán aige agus é á dhéanamh so.

Múinteoir: Nár thug sé instealladh dhuit?

Scoláire: Ó thug mar chaith sé an fhiacail lofa a stoitheadh amach. Bhí mo dhrandal gan mhothú taréis tamaill agus ní mhothaíos aon phian le linn dó bheith a' stoitheadh na fiacaile le teanchair.


Múinteoir: 'Raibh éinne a' cabhrú leis a' bhfiaclóir?

Scoláirí: Bhí cúntóir aige agus thug sí deoch uisce dom chun mo bhéal a ghlanadh amach. Is ormsa a bhí an t-áthas bheith scartha lem' fhiacail lofa.



## Ceisteanna

1. Conas a gheibheann an dochtúir an teocht?
2. Scríobh trí ghalar a gheibheann leanaí.
3. Cathain a cuirtear fios ar a' ndochtúir?
4. An mó buille a bhuaileann an croí gach nóimeat?
5. Cad 'na thaobh go bhféachann an dochtúir siar id scórnach.



**Scríobh na Ceisteanna dos na freagraí seo.**

1. Shuigh sé ar chathaoir an fhiaclóra.
2. Toisc go n-ith sé an iomarca mílseán.
3. Le teanchair bheag.
4. Bhíos a' crith le heagla.
5. Taréis na scoile.

## Obair le Déanamh.

Scríobh san aimsir chaite (inné).

1. Chuirfidís isteach iad .......
2. Ní osclóinn mo bhéal
3. Cá raghfá ansan?
4. An mbeadh deireadh leis?
5. Dhúiseoinn in am ....................



## An Rí a Bhí Breoite

Bhí an Rí breoite. Bhí sé ag únfairt sa leaba agus é ag cneadaíl agus ag osnaíl. Chuir sé béic as.

"Cuirtear fios ar an ndochtúir dom, "ar seisean.

Tháinig an dochtúir agus scrúdaigh sé an Rí. Dúirt sé leis ná raibh faic air. Bhí an Rí ar buile.

"Cuirtear an pleidhce seo sa phriosún," arsa sé, "agus cuirtear fios ar dhochtúir eile."

Scrúdaigh an dara dochtúir an Rí agus dúirt sé leis go gcaitfeadh sé éirí amach as an leaba agus cúig mhíle a shiúl gach lá. Ní róshásta a bhí an Rí leis seo agus d'órdaigh sé dá mhuintir an dochtúir so a chur sa phríosún chomh maith agus fios a chur ar dhochtúir eile do.

Labhair an tríú dochtúir taréis dó an Rí a scrúdú.

"Níl ach an t-aon rud amháin a leigheasfaidh thú a Rí," ar seisean.

"Cad é sin?" arsa an Rí.

"Má chaitheann tú léine dhuine shona, duine ná fuil an saol a' déanamh aon imní dhó, beidh tú leigheasta in aon oíche amháin, "arsa an dochtúir.

"Faightear an léine sin dom láithreach," arsa an Rí lena mhuintir.

Siúd le muintir an Rí ar fud na cathrach a' lorg na léine draíochta a leigheasfadh an Rí. Theip orthu duine sona a dh'fháilt sa chathair. Amach fén dtuaith leo ansan.

Bhuaileadar le bean shaibhir ach mo léan ní raibh sí sona, sásta. Bhí an tsláinte teipithe uirthi.

"Is fearr an tsláinte ná na táinte," arsa muintir an Rí go duairc agus d'imíodar leo.

Casadh oigfhear breá, lúfar láidir orthu ansan.

"Is aoibhinn duit, a óigfhir," arsa muintir an Rí leis. "Tá tú go breá, óg, luath, láidir, bail ó Dhia ort. Ní dócha go bhfuil an saol a' déanamh aon imní dhuit."

Lig an t-óigfhear osna.

"Dá mbeadh a fhios agat!" ar seisean. "Táim i ngrá le cailín óg, álainn agus ní ligfidh a hathair di mé a phósadh toisc mé a bheith bocht."

"Ní tusa an duine atá uainn," arsa muintir an Rí agus thugadar an bóthar orthu féin."

Ag deireadh an lae shuíodar síos ar thaobh a' bhóthair mar bhíodar tuirseach, traochta. Chonaiceadar fear siúil chucu. Bhí sé a' feadaíl do féin agus dhéan muintir an Rí amach go raibh sé sona, sásta.

Bheannaigh muintir an Rí dho agus bheannaigh sé dhóibh go béasach.

"Tá tú sona, sásta, bail ó Dhia ort," arsa muintir an Rí leis.

"Níl cíos, cás ná cathú orm, buíochas le Dia," ar seisean leo.

"Is tusa an fear atá uainn," arsa siad. "An dtabharfá do léine don Rí?"

Chuir an fear scairteadh gáirí as.

"Thabharfainn mo léine don Rí agus fáilte," ar seisean, "dá mbeadh léine agam, ach níl, féach."

Thit an lug ar an lag ag muintir an Rí ach mar sin féin thugadar an fear siúil leo thar n-ais go cúirt an Rí.

D'fhéach an Rí ar a' bhfear siúil agus arsa sé: "An ndeir tú liom go bhfuil tú sona, sásta?"

"Táim," arsa an fear siúil. "Níl pingin rua sa tsaol agam agus bíonn ocras orm go minic. An raibh ocras riamh ort-sa a Rí?"

"Cad a chuirfeadh ocras orm?" arsa an Rí.

"Má théann tú liom-sa anois," arsa an fear siúil, "amach fén dtuaith, beidh ocras do dhóthain ort agus ní bheidh tinneas cinn ná aon tinneas eile ort."

Tharraing an fear bocht siar na cuirtíní troma agus chonaiceadar an ghrian a' taitneamh amuigh agus scáileanna na scamall a' rince ar na cnoic. Ghléas an fear bocht an Rí i seana-bhalcaisí agus chuir sé a chaipín féin ar a cheann.

"Sea, anois," arsa sé leis an Rí." Muna bhfuair tú léine dhuine, shona tá a chaipín anois ort."


Amach leo agus chaith an bheirt acu an lá ar a' gcnoc. Bhí tuirse ar an Rí an oíche sin agus chodail sé go sámh. Ní raibh tinneas cinn ná aon tinneas eile air an mhaidin dár gcionn.

An focal a dúirt a mhuintir leis ní scar sé lena chuimhne.

"Muna bhfuil aon duine sona sa tír," ar seisean leis féin, "is dócha gur orm-sa atá cuid den locht."

Dhéan sé a dhícheall as san amach ar na daoine a rialú go maith. Dhéan sé dlíthe córa agus bhí gach duine buíoch do. Nuair a fuair sé bás, roinnt mhaith blianta 'na dhiaidh san, bhí brón agus cumha ar na daoine.

## Crosfhocal 1




### Trasna

1. Geal, dorcha: ______, oíche.
2. Pingin, dhá phingin, púnt ...
5. Gluaiseann carranna, busanna, leoraithe etc. air.
7. Fir, mná: _________, cailíní.
8. Bhí an seanmhairnéalach ag __________ scéalta dos na leanaí.
11. Focal beag bídeach.
12. Cuirtear corpáin ann.
13. Torthaí: bíonn siad dearg nó glas nó buí.

### Síos

3. Ní raibh Pól _____ go dona, ach bhí a ghlúin ag cur fola.
4. Bíonn ceann ar dhá thaobh an bhóthair.
6. Bhí ____ Phóil ag cur fola nuair a thit sé den rothar.
7. Faighimid ón mbó é.
9. Is leo a fheicimid.
10. Bhí ______ ar Phól nuair a bhí sé sa reilig leis féin.
11. Slua mór saighdiúirí.

## Ceachtanna

Cuir "dúirt a mháthair leis," roimh gach ceann acu so:

bí ciúin; beir ar an bpeann; ná déan é sin; abair do phaidreacha;

faigh an freagra; ná hith iad san; ól an tae; tabhair aire dhuit féin;

ná téigh amach sa bháisteach; tar amach as an leaba.

## Obair le Déanamh

"Bhaineas díom mo chuid éadaigh."
Déan gach athrú is gá do: sé; sí; sinn; siad.

"Chuireamar orainn ár mbróga."
Déan gach athrú is gá do: mé; tú; sí; sibh; siad.

## Ceisteanna

1. Cén saghas duine é an Rí? — greannmhar; cóir; canncrach; mí-fhoighneach; leisciúil; mí-thrócaireach.
2. Conas a leigheasfaí an Rí dár leis an ndara dochtúir?
3. Críochnaigh an sean fhocal "níl luibh ná leigheas .................."
4. Ní raibh an bhean shaibhir sona, sásta. Cén fáth?
5. An raibh an t-oigfhear a bhuail leo sona, sásta agus cad a bhí a' cur as dó?
6. Bhí an fear siúil sona sásta ach............................................
7. Ní chaith an Rí róbaí fada ar a' gcnoc. Conas a bhí sé gléasta?
8. Cé air a bhí an milleán toisc ná raibh duine sona sa tír?
9. Conas a rialaigh an Rí an tír as san amach?
10. Cad a thárla nuair a fuair an Rí bás?

## Fí-Fhocal 1

### Cad iad na focail atá sna léaráidí?

Tosnaigh le litriú an fhocail i gcúinne amháin. Gluais i dtreo an chloig agus críochnaigh sa lár.

| | | |
|---|---|---|
| i | l | b |
| a | l | u |
| h | c | a |

| | | |
|---|---|---|
| c | r | a |
| n | n | i |
| a | e | c |

| | | |
|---|---|---|
| o | i | f |
| e | r | e |
| m | r | i |

| | | |
|---|---|---|
| r | r | a |
| a | r | c |
| t | i | ó |

| | | |
|---|---|---|
| b | r | u |
| r | e | t |
| i | a | h |

| | | |
|---|---|---|
| a | b | a |
| e | i | l |
| r | i | e |

| | | |
|---|---|---|
| m | a | i |
| i | l | r |
| o | e | t |